An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Comhairliúchán Poiblí ar Thogra an AE le haghaidh Treorach maidir le Dliteanas i leith Táirgí Lochtacha

Márta 2023

# Comhairliúchán Poiblí ar Thogra an AE le haghaidh Treorach maidir le Dliteanas i leith Táirgí Lochtacha

## Cúlra

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach moladh foirmiúil le haghaidh ***Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Dliteanas Táirgí Lochtacha*** an 28 Meán Fómhair 2022. Tháinig sé sin sna sála ar mheastóireacht[1] ar an Treoir um Dhliteanas Táirgí (TDT)[2], comhairliúchán poiblí a reáchtáladh i bhFómhar 2021 agus ceardlanna le páirtithe leasmhara go déanach i Ráithe 4 2021. Mar thoradh air sin, shainaithin an Coimisiún dhá ábhar buartha. Bhain an chéad cheann le cuntasacht. Ní raibh sé soiléir cé a bheadh faoi dhliteanas nuair a bhíonn táirge a athraíodh nó a athmhonaraíodh lochtach agus a dhéanann dochar. Ina theannta sin, tá sé ag éirí níos coitianta anois do thomhaltóirí táirgí a cheannach ó thíortha nach ballstáit den Aontas iad agus ní bhíonn táirgeoir nó allmhaireoir lonnaithe san Aontas. Baineann an dara ceann leis na constaicí atá roimh thomhaltóirí cúiteamh a fháil. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tairseach íosta airgeadais €500, a ligfeadh d'éilitheoirí caingean d'aon luach a thionscnamh faoin TDT.

Sa Treoir seo, tá "cosaint níos fearr agus cúiteamh níos airde d'íospartaigh" á moladh ag an gCoimisiún Eorpach trí shoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar faoi na hoibreoirí eacnamaíocha ar féidir leo a bheith faoi dhliteanas, cothrom na Féinne a chruthú ó thaobh iomaíochta de idir monaróirí AE agus monaróirí neamh-AE, cosaint a sholáthar beag beann ar inláimhsitheacht / doláimhsitheacht táirge, ailíniú a chinntiú le rialacha sábháilteachta táirgí agus iad a threisiú, cothromaíocht a athbhunú idir monaróirí agus daoine díobhálaithe, níos mó deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí agus cosaint níos aonfhoirmí do thomhaltóirí.

---

[1] Meastóireacht na Treorach um Dhliteanas Táirgí, SWd (2018)157.
[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:31985L0374&from=EN

## Cuspóirí na Treorach

Is é cuspóir ginearálta na Treorach seo leanúint d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, saorghluaiseacht earraí agus iomaíocht neamhshaofa idir oibreoirí margaidh a áirithiú agus leanúint d'ardleibhéal cosanta do shláinte agus do mhaoin tomhaltóirí a áirithiú, le 5 chuspóir shonracha:

1. A chinntiú go léiríonn rialacha dliteanais nádúr agus rioscaí táirgí sa ré dhigiteach;
2. A chinntiú go léiríonn rialacha dliteanais cineál na dtáirgí sa gheilleagar ciorclach;
3. A chinntiú go bhfuil duine i gcónaí san Aontas Eorpach atá faoi dhliteanas as táirgí lochtacha a cheannaítear ó tháirgeoirí lasmuigh den Aontas;
4. An dualgas cruthúnais a éascú i gcás táirgí casta agus dliteanas i leith lochtanna neamhnochta a shoiléiriú, agus ag an am céanna cothromaíocht chóir a áirithiú idir táirgeoirí agus tomhaltóirí:
5. Srianta a éascú ar éilimh a dhéanamh, agus ag an am céanna cothromaíocht chóir a áirithiú idir táirgeoirí agus tomhaltóirí.

Molann an Coimisiún na cuspóirí sin a bhaint amach trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir leis na táirgí agus na gnólachtaí a chumhdaítear le dliteanas saor ó locht. Spreagfaidh sé freisin gach gnólacht, lena n-áirítear monaróirí neamh-AE, gan ach táirgí sábháilte a chur ar mhargadh an Aontais ionas nach dtabhófar dliteanas. Áiritheofar leis an moladh freisin go mbeidh an chosaint chéanna ag daoine is cuma cé acu atá an táirge inláimhsithe nó digiteach. Roinnfear an dualgas cruthúnais ar bhealach níos cothroime idir daoine a ghortaítear agus monaróirí i gcásanna casta, ionas gur mó an seans éileamh rathúil ar chúiteamh a fhorfheidhmiú.

Molann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta do pháirtithe leasmhara cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh[3] ina bhfaighfear tuilleadh eolais faoin moladh.

[3] https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/goods/free-movement-sectors/liability-defective-products_en.

# Miondealú ar an Treoir atá beartaithe

Tá ceithre chaibidil agus fiche alt sa Treoir seo.

## CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

Leagtar amach sa Chaibidil seo ábhar, raon feidhme na moltaí agus na príomhthéarmaí a úsáidtear sa Treoir atá beartaithe. Leagtar amach inti cad é atá i gceist le táirge agus soiléirítear cén uair a chaithfear le seirbhís ghaolmhar mar chomhpháirt de tháirge.

| |
|---|
| Ceist 1 – Cad iad na tuairimí atá agat maidir le raon feidhme na Treorach atá beartaithe? I do fhreagra, tabhair sonraí sonracha chun tacú le do sheasamh.<br><br>Ceist 2 : Cad iad na tuairimí atá agat maidir leis na sainmhínithe atá sa Treoir atá beartaithe, go sonrach an sainmhíniú ar tháirge? |

## CAIBIDIL II – FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE DLITEANAS I LEITH TÁIRGÍ LOCHTACHA

Leagtar amach sa Chaibidil seo na coinníollacha as a dtagann ceart chun cúitimh mar thoradh ar tháirge lochtach. Leagtar amach inti freisin cad é is lochtacht ann agus na hoibreoirí eacnamaíochta a bhfuil freagracht orthu as an gcéanna.

Tugtar breac-chuntas sna Caibidlí seo freisin ar nochtadh fianaise, dualgas cruthúnais agus na coinníollacha nach mór a bheith ann chun cáiliú do dhíolúine ó dhliteanas.

Ceist 3 :I do thuairim, an leor na coinníollacha faoina bhfuil ceart ag duine nádúrtha cúiteamh a fháil?

Ceist 4 : An bhfuil tú sásta gur leor an liosta cásanna a shonraítear in Airteagal 6 chun a léiriú cén uair a d'fhéadfaí a mheas go bhfuil táirge lochtach?

Ceist 5 – Cad iad na tuairimí atá agat maidir leis an raon oibreoirí eacnamaíocha ar féidir iad a chur faoi dhliteanas i leith táirgí lochtacha?

Ceist 6 : Cad iad na tuairimí atá agat maidir leis an moladh in Airteagal 8 lena gceadaítear do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sé de chumhacht ag cúirteanna náisiúnta, ach duine díobhálaithe á iarraidh sin, ordú a thabhairt don chosantóir fianaise ábhartha a nochtadh.

Ceist 7: Luaitear in Airteagal 9 go n-áiritheoidh na Ballstáit go gceanglaítear ar éilitheoir a chruthú go bhfuil táirge lochtach. Cad iad na tuairimí atá agat maidir leis na coinníollacha atá liostaithe i bhfo-alt (2) i dtaobh cásanna ina bhfuil toimhde na lochtachta ann.

Ceist 8 – Cad iad na tuairimí atá agat ar na critéir a theastaíonn chun díolúine dliteanais a chomhlíonadh?

## CAIBIDIL III: FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE DLITEANAS

Tá an Chaibidil seo fós bunaithe go dlúth ar an TDT agus leagtar amach inti na rialacha ginearálta dliteanais, lena n-áirítear dliteanas oibreoirí eacnamaíocha iolracha, dliteanas a laghdú, eisiamh nó teorannú dliteanais agus tréimhsí teorann.

Ceist 9: Tá teagmhas sa mholadh, i gcásanna ina mbíonn dhá oibreoir eacnamaíocha nó níos mó faoi dhliteanas i leith an damáiste chéanna, gur féidir iad a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt. Cad iad na tuairimí atá agat maidir leis an moladh sin.

Ceist 10 – Cad iad na tuairimí atá agat maidir leis na teorainneacha ama atá molta in Airteagal 14(1),(2) agus (3)? Má bhíonn tú den tuairim nach leor na teorainneacha ama atá molta, tabhair sonraí chun cabhrú leis an méid sin.

## CAIBIDIL IV: FORÁLACHA DEIRIDH

Leagtar amach sa Chaibidil seo an ceanglas atá ar na Ballstáit breithiúnais arna dtabhairt ag cúirteanna náisiúnta a fhoilsiú i ndáil le himeachtaí arna dtionscnamh de bhun na Treorach seo.

Déantar foráil sa chaibidil seo freisin maidir leis an TDT reatha a aisghairm agus leagtar amach inti bearta idirthréimhseacha.

| |
|---|
| Má tá aon tuairimí agat maidir leis an gCaibidil seo nó maidir leis an moladh nach gclúdaítear sna ceisteanna thuas, lena n-áirítear moltaí nó leasuithe sonracha, leag amach thíos iad: |

## Spriocdháta d'Aighneachtaí

Is é an 27 Aibreán 2023 an spriocdháta le haghaidh freagraí.  Ba chóir aighneachtaí a sheoladh chuig: conspol@enterprise.gov.ie .

Agus d'aighneacht á déanamh agat, tabhair ainm an duine aonair, an ghnólachta nó na heagraíochta, sonraí teagmhála agus déan cur síos gairid ar do spéis san ábhar.

## Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus foilsiú aighneachtaí

Foilseoidh an Roinn ar a láithreán gréasáin gach aighneacht a fhaightear faoin gcomhairliúchán seo. Tabhair do d'aire freisin gur féidir faisnéis a chuirtear ar fáil don Roinn a nochtadh mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Dá bhrí sin, má mheasann tú go bhfuil aon fhaisnéis a sholáthraíonn tú íogair ó thaobh na tráchtála de, sainaithin an fhaisnéis chéanna, le do thoil, agus sonraigh an chúis lena híogaireacht. Rachaidh an Roinn i gcomhairle leat maidir le faisnéis a shainaithníonn tú a bheith íogair sula bhfoilseofar í nó sula nochtfar ar shlí eile í.

## Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Ba chóir do fhreagróirí a thabhairt dá n-aire gur tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm in Éirinn an 25 Bealtaine 2018 agus is e atá i gceist leis go mbíonn níos mó smachta ag daoine aonair ar a gcuid sonraí pearsanta. Is iad seo a leanas na príomhphrionsabail faoin Rialachán:

• Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht;

• Teorannú de réir cuspóra;

• Íoslaghdú sonraí;

• Cruinneas;

• Teorannú stórála;

• Sláine agus rúndacht, agus

• Cuntasacht.

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir fhorálacha an Rialacháin maidir le sonraí pearsanta a bhailíonn sí ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh. Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú go deonach don Roinn seo leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta, de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

# Aguisín – Foirmeacha Freagartha